# Treoir

# d’Idirghabhálaithe agus don Bhord Idirghabhála

# maidir le nós imeachta Idirghabhála ELA

DEIREADH FÓMHAIR 2022

## Clár Ábhar


Réamhrá ....3
Prionsabail agus gnéithe lárnacha na hidirghabhála os comhair ELA ....4
Cé a fhéadfaidh a bheith ina pháirtí in idirghabháil os comhair ELA? ....4
Na príomhfheidhmeanna agus na príomhróil le linn na hidirghabhála ....5
Idirghabhálaí....5
An Bord Idirghabhála ....5
Saineolaithe i gcáil chomhairleach ....8
Rúnaíocht Idirghabhála ELA ....8
Céimeanna tosaigh na hidirghabhála....9
An chéad chéim den nós imeachta idirghabhála agus ról-idirghabhálaithe ....9
Toradh A: Comhaontaíonn na Ballstáit tuairim neamhcheangailteach....12
Toradh B: Ní chomhaontaíonn na Ballstáit tuairim neamhcheangailteach ....13
An dara céim den nós imeachta idirghabhála agus ról an Bhoird Idirghabhála ....14
Toradh A: Comhaontaíonn na Ballstáit tuairim neamhcheangailteach....17
Toradh B: Ní chomhaontaíonn na Ballstáit tuairim neamhcheangailteach ....18
Cad a tharlaíonn nuair a bhíonn an idirghabháil tugtha chun críche? ....18
Iarscríbhinn I: Dhá chur chuige idirghabhála do chéim 1 ....19
Iarscríbhinn II: Dhá chur chuige idirghabhála do chéim 2 ....21
Iarscríbhinn III Teimpléid....25
Fógra faoi roghnú, ó ELA chuig an idirghabhálaí ....25
Dearbhú nach bhfuil aon choinbhleacht leasa ann, ón idirghabhálaí/ón gCathaoirleach chuig ELA ....26
Cumarsáid maidir le himlíne, stíl agus rialacha na hidirghabhála ón idirghabhálaí/ón gCathaoirleach chuig ELA ....27
An tuarascáil fhíorasach, ón idirghabhálaí/rapóirtéir chuig ELA ....29
An tuairim neamhcheangailteach, ón idirghabhálaí/rapóirtéir chuig ELA ....31
Comhaontú chun síneadh a chur leis an tréimhse tuairiscithe, ón idirghabhálaí/gCathaoirleach chuig ELA ....32
Fógra faoi shíneadh a chur leis an gcéim den idirghabháil, ón idirghabhálaí/gCathaoirleach chuig ELA ....33
Comhaontú chun tús a chur leis an dara céim den idirghabháil, ón idirghabhálaí/ón gCathaoirleach chuig ELA ....34
Litir chuig an gCathaoirleach, ó ELA chuig an gCathaoirleach....36
Litir ainmniúcháin, ón gCathaoirleach chuig an rapóirtéir ....37
Litir chun an saineolaí a cheapadh, ón gCathaoirleach chuig an saineolaí....39
Litir fógra chun comhdhéanamh an phainéil a chur in iúl do na Ballstáit agus do ELA, ón gCathaoirleach chuig an Ballstát/na Ballstáit agus ELA ....41

# Réamhrá

Féadfaidh Ballstáit **easaontú** maidir le cur i bhfeidhm, cur chun feidhme nó forfheidhmiú acquis soghluaisteachta saothair agus comhordú slándála sóisialta AE. Cé gurb é an t-idirphlé déthaobhach idir na Ballstáit an bealach is dírí i gcónaí chun dúshláin den sórt sin a réiteach agus chun tuairimí iltreocha a shárú, d'fhéadfadh sé nach dtiocfadh torthaí éifeachtacha as sin i gcónaí agus d'fhéadfadh go bhfanfadh díospóidí gan réiteach.

Chun difríochtaí idir na Ballstáit nach féidir a réiteach trí dhialóg dhíreach a shárú, bunaíodh **áis shaincheaptha idirghabhála** faoi scáth an **Údaráis Eorpaigh Saothair** ('ELA' anseo feasta) trína soláthraítear sásra cuíchóirithe do na Ballstáit chun a gcuid díospóidí a fhuascailt laistigh de thréimhse ar leith agus leis an tacaíocht ghairmiúil agus lóistíochta is gá.

Bunaíodh feidhm agus ról idirghabhála ELA ina Rialachán bunaitheach[1]. Áirítear ar raon feidhme na hidirghabhála **gach réimse a thagann faoi chuimsiú ELA[2], eadhon oibrithe a phostú, slándáil shóisialta a chomhordú, saorghluaiseacht oibrithe agus reachtaíocht shóisialta a phléann le hiompar idirnáisiúnta ar bhóithre**. I gcás ina mbaineann díospóid go hiomlán nó go páirteach le hábhair a bhaineann le comhordú slándála sóisialta, cuirfidh ELA an Coimisiún Riaracháin ar an eolas i gcomhréir le Comhaontú Comhair AC-ELA lena rialaítear an idirghníomhaíocht idir an dá chomhlacht[3].

Tá modúlachtaí agus nósanna imeachta mionsonraithe an phróisis idirghabhála uile leagtha amach sna **Rialacha Nós Imeachta** arna nglacadh ag Bord Bainistíochta ELA[4]. Cuirtear síos go mion sa **Treoir ghinearálta agus sreafaí oibre maidir le nós imeachta idirghabhála ELA**[5] ar na sreafaí oibre a ghabhann le hidirghabháil ELA. **Sa Treoir do na Ballstáit maidir le nós imeachta idirghabhála ELA** déantar cur síos ar na céimeanna agus na garspriocanna is tábhachtaí den nós imeachta idirghabhála agus dírítear ar roinnt príomhcheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ag Ballstáit agus iad ag smaoineamh ar idirghabháil. Tá teimpléid ábhartha sa dá dhoiciméad chun críocha cumarsáide agus fíorú riaracháin.

Déantar an próiseas idirghabhála os comhair ELA a fhorléiriú ar dhá chéim idirghabhála as a chéile lena mbaineann **idirghabhálaí aonair** (an chéad chéim den nós imeachta idirghabhála) nó an **Bord Idirghabhála** (an dara céim den nós imeachta idirghabhála). Sa deireadh samhlaítear le hidirghabháil **tuairim neamhcheangailteach** a ghlacadh a gcloífidh na Ballstáit léi de mheon an chomhair riaracháin dhílis agus de mheon macánta.

**Tá an Treoir reatha** d'idirghabhálaithe agus don Bhord Idirghabhála dírithe go príomha ar na hidirghabhálaithe, ar chomhaltaí an Bhoird Idirghabhála agus ar shaineolaithe i gcáil chomhairleach.

---

[1] Gheofar Rialachán bunaitheach (AE) ELA 2019/1149, ag: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32019R1149.
[2] Léirítear sainordú ELA in Airteagal 1(4) de Rialachán (AE) bunaitheach 2019/1149, atá le fáil ag an seoladh seo: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32019R1149.
[3] Ceadaíodh Comhaontú Comhair AC-ELA le Cinneadh 18/2021 an 22 Nollaig 2021. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2022 agus tá sé le fáil ag an seoladh seo: https://www.ela.europa.eu/sites/default/files/2022-03/ELA-AC-signed-agreement.pdf.
[4] Cinneadh 17/2021 ó Bhord Bainistíochta ELA an 10 Samhain 2021, ar fáil ag: https://www.ela.europa.eu/sites/default/files/2022-02/Decision%2017_2021%20ROPM_EN.pdf.
[5] Uaslódálfar an nasc a luaithe a chomhaontófar é ag leibhéal bainistíochta ELA.

## Prionsabail agus gnéithe lárnacha na hidirghabhála os comhair ELA

Is sásra **deonach** saor in aisce chun díospóidí a fhuascailt an idirghabháil os comhair ELA atá dírithe ar dhíospóidí idir na Ballstáit maidir le cur i bhfeidhm agus/nó forghníomhú reachtaíocht AE um shoghluaisteacht saothair agus um chomhordú slándála sóisialta a fhuascailt. Coimeádann na Ballstáit is páirtí i ndíospóid ar leith smacht iomlán fad is atá an ELA ag éascú an phróisis agus ag cur tionlacan gairmiúil agus tacaíocht lóistíochta ar fáil trí Rúnaíocht Idirghabhála ELA.[6] Tá an idirghabháil féin bunaithe ar **phrionsabail na neamhchlaontachta, na rúndachta agus na solúbthachta** agus é mar aidhm léi go nglacfaí réiteach is inghlactha go frithpháirteach agus a chomhaontaíonn na Ballstáit a chur chun feidhme.

Tá **dhá chéim féideartha as a chéile** i gceist sa nós imeachta idirghabhála, gach ceann acu i bprionsabal faoi réir na spriocdhátaí táscacha atá leagtha amach sna Rialacha Nós Imeachta.

Is **idirghabhálaí aonair, a roghnaíonn na Ballstáit** ó liosta na n-idirghabhálaithe ceaptha a éascaíonn an chéad chéim den nós imeachta idirghabhála. Éascaíonn an t-idirghabhálaí roghnaithe an idirghabháil idir na páirtithe.

Nuair nach dtagann Ballstáit ar chomhaontú ag deireadh na chéad chéime den nós imeachta idirghabhála, féadfaidh siad a chinneadh dul ar aghaidh chuig an dara céim den nós imeachta idirghabhála a reáchtáiltear os comhair painéil nó an **Bhoird Idirghabhála** ina iomláine, comhdhéanta de shaineolaithe arna gceapadh ag Bord Bainistíochta ELA (liosta saineolaithe an Bhoird Idirghabhála). Sa chás sin, ní ag na Ballstáit lena mbaineann atá an rogha maidir le comhdhéanamh an phainéil (nó an Bhoird Idirghabhála iomláin), ach ag Cathaoirleach an Bhoird Idirghabhála atá freagrach as an dara céim den idirghabháil a éascú.

## Cé a fhéadfaidh a bheith ina pháirtí in idirghabháil os comhair ELA?

I bprionsabal, is féidir le haon institiúid nó comhlacht poiblí náisiúnta a bhfuil inniúlachtaí aige i réimsí na fostaíochta agus na slándála sóisialta i staideanna trasteorann AE **iarraidh ar idirghabháil** a chur faoi bhráid ELA nuair a bhíonn tuairimí iltreocha acu agus/nó nuair a bhíonn díospóid neamhfhuascailte acu le hinstitiúid phoiblí náisiúnta nó comhlacht ó Bhallstát eile maidir le cur i bhfeidhm an acquis ábhartha shaothair agus slándála sóisialta. De bhrí gur **iondúil gurb í an phríomh-Aireacht atá freagrach as fostaíocht agus/nó as slándáil shóisialta a iarrfaidh idirghabháil thar ceann an Bhallstáit i dtrácht,** is é cinneadh na mBallstát i gcónaí é a chinneadh cé acu, agus go dearfach, cé na hinstitiúidí nó comhlachtaí poiblí eile atá inniúil ar iarratas ar idirghabháil a chur faoi bhráid ELA. Is féidir le hinstitiúidí nó comhlachtaí poiblí náisiúnta den sórt sin a bheith ina (1) n-institiúidí slándála sóisialta, (2) ina ngníomhaireachtaí fostaíochta, (3) ina seirbhísí cigireachta nó (4) ina ngníomhaireachtaí poiblí eile.

Ainmníonn na Ballstáit **ionadaí náisiúnta aonair amháin** a bheidh mar **phríomhtheagmhálaí** le linn na hidirghabhála thar ceann an Bhallstáit sin. Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a

[6] Tá Rúnaíocht Idirghabhála ELA ina cuid d'Aonad Tacaíochta Comhair ELA.

dhéanamh uair ar bith go dtiocfaidh ionadaí nua in áit ionadaí náisiúnta ainmnithe, trí bhíthin fógra foirmiúil a thabhairt do Rúnaíocht Idirghabhála ELA.

Cinneann na Ballstáit féin **cé na hinstitiúidí nó comhlachtaí poiblí náisiúnta a bheidh ina gcuid dá dtoscaireacht** le linn na hidirghabhála agus a ghlacfaidh páirt sna malartuithe agus sna héisteachtaí.

# Na príomhfheidhmeanna agus na príomhróil le linn na hidirghabhála

De bhrí go bhfuil cuntas iomlán ar róil agus ar fhreagrachtaí na ngníomhaithe éagsúla a bhfuil baint acu leis an bpróiseas idirghabhála le fáil sa **Treoir Ghinearálta agus sna sreafaí oibre maidir le nós imeachta idirghabhála ELA**[7]**,** ar ról agus ar fhreagrachtaí na nIdirghabhálaithe, comhaltaí den Bhord Idirghabhála agus saineolaithe i gcáil chomhairleach **a leagfar an bhéim anseo feasta.**

## Idirghabhálaí

Idirghabhálaí a sheolann an chéad chéim den idirghabháil i gcomhréir le hAirteagal 13(3)[8] den Rialachán bunaitheach. Roghnaíonn na Ballstáit is páirtí sa díospóid é/í ó liosta na n-idirghabhálaithe a fhormheasann Bord Bainistíochta ELA i gcomhréir le hAirteagal 7(2) de na Rialacha Nós Imeachta.[9] Roghnaítear Idirghabhálaithe ELA ar bhonn a gcuid eolais, scileanna agus taithí i réimse na sásraí fuascailte díospóidí lena n-áirítear idirghabháil. Cuirtear saineolas gairmiúil sna réimsí beartais éagsúla a thagann faoi raon feidhme shainordú ELA san áireamh freisin ach ní ceanglas é.

Is féidir féachaint ar liosta na nIdirghabhálaithe ceaptha sa doiciméad seo. Is é rún ELA an liosta Idirghabhálaithe a nuashonrú go rialta.

**Feidhmeanna an idirghabhálaí**

Seolann an t-idirghabhálaí an chéad chéim den idirghabháil ag tacú leis na páirtithe ó thús deireadh an phróisis idirghabhála: cinneann sé/sí, i gcomhairle leis na páirtithe, an féilire atá le leanúint agus molann sé/sí an cur chuige is fearr do na seisiúin idirghabhála.

Tá an t-idirghabhálaí freagrach as an tuarascáil fhíorasach agus as an tuairim neamhcheangailteach a dhréachtú, a sheolann sé/sí chuig ELA agus chuig na páirtithe sa díospóid le haghaidh aiseolais agus tuairimí uathu, ag deireadh an chéad chéim den idirghabháil.

## An Bord Idirghabhála

Is é an Bord Idirghabhála an comhlacht atá comhdhéanta de shaineolaithe ó na Ballstáit agus is é Bord Bainistíochta ELA a cheapann a chomhaltaí, i gcomhréir le hAirteagal 7(2) de na

---

[7] Uaslódálfar an nasc a luaithe a chomhaontófar é ag leibhéal bainistíochta ELA.
[8] Airteagal 13(3) den Rialachán bunaitheach: Seolfar an chéad chéim den idirghabháil idir na Ballstáit is páirtí sa díospóid agus idirghabhálaí, a ghlacfaidh tuairim neamhcheangailteach trí chomhaontú coiteann. Féadfaidh saineolaithe ó na Ballstáit, ón gCoimisiún agus ón Údarás páirt a ghlacadh sa chéad chéim den idirghabháil i gcáil chomhairleach".
[9] Airteagal 7(2) de na Rialacha Nós Imeachta: "Ceapfaidh an Bord Bainistíochta líon leordhóthanach idirghabhálaithe agus saineolaithe ó na Ballstáit a shuífidh ar an mBord Idirghabhála.[…]".

Rialacha Nós Imeachta.[10] Tá comhdhéanamh reatha an Bhoird Idirghabhála ar fáil go poiblí anseo.

Féadfar an Bord Idirghabhála a chur i ngníomh nuair nach raibh de thoradh ar an gcéad chéim den idirghabháil gur glacadh tuairim neamhcheangailteach agus gur thángthas ar chomhaontú idir na páirtithe. I gcás den sórt sin is féidir le ELA an dara céim den idirghabháil a sheoladh os comhair a Bhoird Idirghabhála ach bíonn an seoladh faoi réir chomhaontú na mBallstát uile is páirtí sa díospóid.

I gcomhréir le hAirteagal 13(6) den Rialachán Bunaitheach, féadfaidh an Bord Idirghabhála an dara céim den idirghabháil a reáchtáil ina hiomláine nó i 'bpainéil'.

[11] Bíonn na painéil comhdhéanta de naonúr ar a laghad agus dháréag comhalta ar a mhéad den Bhord Idirghabhála[12]. Is é Cathaoirleach an Bhoird Idirghabhála a chinneann comhdhéanamh iarbhír an phainéil i ndíospóid ar leith nó an idirghabháil a dhéanamh os comhair an Bhoird Idirghabhála iomláin.

Seachas an Cathaoirleach, bíonn beirt Leas-Chathaoirleach eile ag an mBord Idirghabhála agus roinnt ionadaithe as a ngníomhóidh comhalta amháin mar rapóirtéir i ndíospóid ar leith.

Bord Bainistíochta ELA a cheapann **Cathaoirleach an Bhoird Idirghabhála** go ceann téarma 36 mhí. Bainistíonn an Cathaoirleach an dara céim den idirghabháil de réir Airteagal 8(5) de na Rialacha Nós Imeachta agus mar sin faigheann sé tacaíocht ó Rúnaíocht Idirghabhála ELA.

**Feidhmeanna an Chathaoirligh**

**"a) iarraidh ar shaineolaithe ceaptha de chuid an Bhoird Idirghabhála a bhfuil saineolas ábhartha acu i réimse na díospóide a bheith rannpháirteach ar an mBord Idirghabhála nó i bpainéal**, ag brath ar ar an gcás, agus na Ballstáit is páirtí sa díospóid a chur ar an eolas, lena n-áirítear a NLOnna faoi seach agus ELA maidir lena chomhdhéanamh, Airteagal 19(11) RoP;

b) **an rapóirtéir a ainmniú** as measc shaineolaithe an Bhoird Bhainistíochta nó an phainéil, ag brath ar an gcás;

C) **dul i gceannas ar chruinnithe uile an Bhoird Idirghabhála nó an phainéil,** ag brath ar an gcás;

D) **gníomhú mar ionadaí agus príomhtheagmhálaí don Bhord Idirghabhála sa chumarsáid agus sa chaidreamh** leis an mBord Bainistíochta, na Ballstáit is páirtí sa díospóid lena n-áirítear a NLOnna faoi seach agus ELA;

---

[10] Airteagal 7(2) de na Rialacha Nós Imeachta: "Ceapfaidh an Bord Bainistíochta líon leordhóthanach idirghabhálaithe agus saineolaithe ó na Ballstáit a shuífidh ar an mBord Idirghabhála.[…]".

[11] Airteagal 13(6) den Rialachán bunaitheach: "Glacfaidh an Bord Bainistíochta [...], agus an fhéidearthacht go suífidh an Bord Idirghabhála i bpainéil ar a mbeidh roinnt comhaltaí."

[12] Airteagal 8C(6) de na Rialacha Nós Imeachta:" Beidh painéal an Bhoird Idirghabhála comhdhéanta den Chathaoirleach, de na Leas-Chathaoirligh agus **de sheisear saineolaithe eile ar a laghad** arna roghnú as liosta na saineolaithe arna gceapadh ag an mBord Bainistíochta i gcomhréir le hAirteagal 7(4). Chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht an nós imeachta a áirithiú, níor cheart painéal an Bhoird Idirghabhála a bheith **comhdhéanta de níos mó ná dháréag saineolaithe den Bhord Idirghabhála** ó Bhallstáit seachas na Ballstáit is páirtí sa díospóid."

E) **obair an Bhoird Idirghabhála a chomhordú, ag cinntiú go gcomhlíonfaidh an Bord Idirghabhála na bunphrionsabail** dá bhforáiltear in Airteagal 4 agus na socruithe oibre dá bhforáiltear in Airteagal 19 den RoP;

F) **ardchaighdeán an nós imeachta idirghabhála** agus na dtuairimí neamhcheangailteacha **a áirithiú**;

G) **cinneadh a dhéanamh maidir leis na socruithe oibre is éifeachtaí chun an dara céim den nós imeachta idirghabhála a sheoladh,** i gcomhairle leis na Ballstáit is páirtí sa díospóid, i gcomhréir le hAirteagal 19 den RoP (Airteagal 8(5)).

Ceapann an Bord Bainistíochta **na Leas-Chathaoirligh** go ceann téarma 36 mhí. Beidh siad bainteach leis an dara céim den idirghabháil, ag tacú leis an gCathaoirleach.

**Feidhmeanna na Leas-Chathaoirleach**

Is í príomhfhreagracht na Leas-Chathaoirleach tacú leis an gCathaoirleach le linn an dara céim den nós imeachta idirghabhála agus feidhmeanna an Chathaoirligh a chomhlíonadh nuair nach bhfuil cead aige/aici nó nach bhfuil ar a c(h)umas a bheith rannpháirteach[13].

Ainmnítear **an rapóirtéir** as measc shaineolaithe an Bhoird Bhainistíochta nó an phainéil, ag brath ar an gcás; An Cathaoirleach a cheapann an rapóirtéir de réir na gcritéar seo a leanas:

- Nádúr na díospóide agus an tsaineolais;
- Inniúlachtaí agus taithí an tsaineolaí;
- Infhaighteacht an tsaineolaí.

**Feidhmeanna an rapóirtéara**

Tá an rapóirtéir freagrach as an tuarascáil fhíorasach agus an tuairim neamhcheangailteach don dara céim den idirghabháil a ullmhú, ag cur san áireamh tuairimí uile chomhaltaí an Bhoird (nó an phainéil) Idirghabhála, na mBallstát is páirtí sa díospóid, agus saineolaithe eile a ghlacann páirt i gcáil chomhairleach (e.g. comhpháirtithe sóisialta, comhaltaí ón gCoimisiún Eorpach, etc.).

Is é Bord Bainistíochta ELA a cheapann **Saineolaithe an Bhoird Idirghabhála** i gcomhréir le hAirteagal 7(2) de na Rialacha Nós Imeachta mar chomhaltaí den Bhord Idirghabhála. Roghnaíodh daoine a ainmnítear mar shaineolaithe de chuid an Bhoird Idirghabhála ar bhonn

[13] Airteagal 8B(4): "Comhlíonfaidh an chéad Leas-Chathaoirleach feidhmeanna an Chathaoirligh go háirithe sna cásanna sin, de bhun Airteagal 4(4) de na Rialacha Nós Imeachta seo agus Airteagal 13(5) den Rialachán bunaitheach, nach gceadaítear nó nach mbeidh an Cathaoirleach ábalta a bheith rannpháirteach. Comhlíonfaidh an dara Leas-Chathaoirleach feidhmeanna an Chathaoirligh, go háirithe sna cásanna sin nach gceadaítear don Chathaoirleach ná don chéad Leas-Chathaoirleach a bheith rannpháirteach, nó nach bhfuil ar a gcumas a bheith rannpháirteach.

a gcuid saineolais agus a n-inniúlachtaí chun déileáil le díospóidí a bhaineann le réimsí difriúla a thagann faoi chuimsiú an nós imeachta idirghabhála[14].

**Feidhmeanna shaineolaithe an Bhoird Idirghabhála**

Is é ról an tsaineolaí, atá bainteach leis an mBord Idirghabhála nó le painéal, le linn an dara céim den idirghabháil, tuairimí teicniúla agus comhairle a sholáthar maidir leis an gcás nithiúil chun an próiseas idirghabhála agus glacadh fuascailte a éascú.

## Saineolaithe i gcáil chomhairleach

Is féidir na saineolaithe i gcáil chomhairleach a shainaithint agus iad a bheith bainteach leis an gcéad agus an dara céim den idirghabháil. Sa chéad chás, is é an t-idirghabhálaí a iarrfaidh orthu dul isteach sa phróiseas idirghabhála ach le comhaontú na mBallstát i gcónaí; sa chás deiridh, is é Cathaoirleach an Bhoird Idirghabhála a ghlaofaidh saineolaithe isteach nuair is gá.

Féadfaidh an t-idirghabhálaí nó an Cathaoirleach iarraidh ar aon duine aonair a bhfuil eolas nó saineolas ar leith aige ar na réimsí atá ábhartha don díospóid aonair a bheith ina saineolaí i gcáil chomhairleach agus féadfaidh siad a bheith bainteach thar ceann a n-eagraíochta nó i gcáil neamhspleách aonair: saineolaithe ón gCoimisiún Eorpach, ELA nó gníomhaireachtaí AE eile; ionadaithe ó pháirtithe sóisialta náisiúnta nó Eorpacha; ionadaithe ó pháirtithe leasmhara Eorpacha nó náisiúnta eile ach freisin saineolaithe neamhspleácha aonair (amhail acadóirí, iarchigirí, etc) i gcomhréir le hAirteagal 13(3) agus (5) den Rialachán bunaitheach agus le hAirteagal 19(19) agus (20) de na Rialacha Nós Imeachta.

**Feidhmeanna na saineolaithe i gcáil chomhairleach**

Bíonn na saineolaithe i gcáil chomhairleach ar fáil do na páirtithe le linn an chéad agus an dara céim den idirghabháil, ag brath ar an gcás, chun ceisteanna ar leith a fhreagairt ar na hábhair atá faoi dhíospóid, tuairimí a chur isteach, moltaí a dhéanamh agus réitigh a mholadh. An tIdirghabhálaí nó Cathaoirleach an Bhoird Idirghabhála i gcónaí a iarrfaidh ar shaineolaithe i gcáil chomhairleach a bheith bainteach agus tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit is páirtí sa díospóid agus a gcomhaontú a fháil.

Ní mar ionadaithe dá mBallstát a ghníomhóidh idirghabhálaithe atá rannpháirteach sa nós imeachta idirghabhála i gcáil chomhairleach, ach ar bhonn a saineolais ghairmiúil ar bhealach neamhchlaonta.

## Rúnaíocht Idirghabhála ELA

Laistigh d'ELA, is í Rúnaíocht Idirghabhála ELA, atá ina cuid den Aonad Tacaíochta Comhair, a thacaíonn leis an nós imeachta idirghabhála.

**Feidhmeanna Rúnaíocht Idirghabhála ELA**

Cinntíonn Rúnaíocht Idirghabhála ELA go bhfuil an fhaisnéis agus an chumarsáid idir na gníomhaithe go léir atá bainteach le díospóid ar leith a n-iarrtar idirghabháil os comhair ELA

[14] Léirítear sainordú ELA in Airteagal 1(4) de Rialachán bunaitheach (AE) 2019/1149, atá le fáil ag an seoladh thíos: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32019R1149.

ina leith, á rith i gcomhréir leis na Rialacha Nós Imeachta ón nóiméad a ndéantar tionscnamh (bíodh sé ag Ballstát, SOLVIT nó go díreach ar thionscnamh ELA féin) go dtí deireadh nós imeachta idirghabhála.

Soláthraíonn an Rúnaíocht Idirghabhála tacaíocht theicniúil agus lóistíochta a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó na gníomhaithe atá bainteach leis an idirghabháil, ó aistriú doiciméad go soláthar spáis nó sainchomhairle maidir leis na nósanna imeachta atá le leanúint chun idirghabháil a sheoladh. Tacaíonn rúnaíocht ELA leis an bpróiseas idirghabhála trí na huirlisí agus na hionstraimí is gá a chur ar fáil, lena n-áirítear treoir a d'fhéadfadh a bheith de dhíth ar na gníomhaithe chun an próiseas idirghabhála a éascú.

Déanann Rúnaíocht Idirghabhála ELA an tseiceáil riaracháin ar inghlacthacht trína bhfíoraíonn sí go bhfuil na foirmiúlachtaí go léir is gá chun an chéad chéim den idirghabháil a sheoladh curtha i gcrích i gceart.

Fíoraíonn Rúnaíocht Idirghabhála ELA go gcomhlíonann na tuairimí neamhcheangailteacha a glacadh i gcásanna idirghabhála áirithe an creat dlíthiúil Eorpach agus déanann sí faireachán ar cibé an dtuairiscíonn na Ballstáit ar chur chun feidhme na dtuairimí neamhcheangailteacha i gcomhréir leis na Rialacha Nós Imeachta.

## Céimeanna tosaigh na hidirghabhála

Beag beann ar an mbealach a dtugtar iarratas nó tionscnamh ar idirghabháil os comhair ELA, ní mór do na Ballstáit uile is páirtí sa díospóid comhaontú go sainráite gur mian leo a bheith páirteach in idirghabháil. Ní féidir idirghabháil a dhéanamh in aghaidh thoil na mBallstát uile i dtrácht nó gan iad a bheith bainteach leis. Tá prionsabal na rannpháirtíochta deonaí fós mar chloch choirnéil den nós imeachta idirghabhála ar fad.

Sular féidir an nós imeachta idirghabhála a sheoladh go foirmiúil, baileoidh Rúnaíocht Idirghabhála ELA gach faisnéis is gá agus is ábhartha ó na Ballstáit. Áirítear leis sin na Ráitis Mhionsonraithe ina gcuireann na Ballstáit (a dtuairimí ar) an díospóid i láthair.

Déanfaidh Rúnaíocht Idirghabhála ELA **seiceáil riaracháin ar inghlacthacht** a luaithe a gheofar na doiciméid go léir ó na Ballstáit. Gan seiceáil riaracháin ar inghlacthacht a bheith déanta, ní féidir an nós imeachta idirghabhála a sheoladh.

## An chéad chéim den nós imeachta idirghabhála agus ról-idirghabhálaithe

D'fhéadfadh **seoladh na chéad chéime den nós imeachta idirghabhála** a bheith mar thoradh ar an tseiceáil inghlacthachta a sheolann Rúnaíocht Idirghabhála ELA.

Chuige sin seolfaidh Rúnaíocht Idirghabhála ELA 'Litir fógra faoi thús an chéad chéim den idirghabháil' trína n-iarrfar ar na Ballstáit na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(1) Idirghabhálaí a roghnú as liosta na n-idirghabhálaithe ceaptha **laistigh de 10 lá oibre**.

(2) Ionadaí náisiúnta a dheimhniú nó a cheapadh do chéad chéim na hidirghabhála.

Úsáidfidh Ballstáit an 'Litir le freagra a thabhairt ar an bhFógra ar thús an chéad chéim den idirghabháil' ina ndeimhníonn siad go dtoilíonn siad a bheith rannpháirteach san idirghabháil agus a rogha maidir le hdirghabhálaí.

| ! | **Tá bealaí difriúla ag na Ballstáit chun an t-idirghabhálaí a roghnú agus is féidir leo na nithe seo a leanas a léiriú ina bhFreagra:**<br>• a rogha maidir le hidirghabhálaí amháin nó níos mó ó liosta na n-idirghabhálaithe ceaptha;<br>• a gcomhaontú leis na hidirghabhálaithe go léir ó liosta na n-idirghabhálaithe ceaptha;<br>• a n-easaontú le duine amháin nó níos mó de na hidirghabhálaithe molta ó liosta na n-idirghabhálaithe ceaptha.<br>**Iarrtar ar na Ballstáit idirghabhálaí a shainaithint as liosta na n-idirghabhálaithe ceaptha trí theagmháil dhíreach dhéthaobhach chun comhaontú comhchoiteann a lorg.** |
|---|---|

I gcás ina gcomhaontaíonn na Ballstáit idirghabhálaí, **ceapfaidh ELA an t-idirghabhálaí roghnaithe go foirmiúil.** Nuair nach gcomhaontaíonn na Ballstáit idirghabhálaí, gníomhóidh ELA agus molfaidh sé do na Ballstáit idirghabhálaí as liosta na n-idirghabhálaithe ceaptha, a gcaithfidh na Ballstáit comhaontú leis.

Nuair a bheidh an t-idirghabhálaí roghnaithe, gheobhaidh sé/sí na teimpléid seo a leanas ó Rúnaíocht Idirghabhála ELA:

| | |
|---|---|
| Fógra roghnúcháin, ar gá don Idirghabhálaí é a shíniú agus a chur ar ais chuig Rúnaíocht Idirghabhála ELA. | Ar fáil anseo |
| Dearbhú nach bhfuil aon choinbhleacht leasa ann, a chaithfidh an t-idirghabhálaí a shíniú agus a chur ar ais chuig Rúnaíocht Idirghabhála ELA. | Ar fáil anseo |
| **Cumarsáid maidir le leagan amach na hidirghabhála** | Ar fáil anseo |
| **Tuarascáil fhíorasach** | Ar fáil anseo |
| **Tuairim neamhcheangailteach** | Ar fáil anseo |
| **Comhaontú síneadh a chur leis an tréimhse tuairiscithe** | Ar fáil anseo |
| **Fógra maidir le síneadh a chur le céim na hidirghabhála** | Ar fáil anseo |
| **Comhaontú tús a chur leis an dara céim den idirghabháil** | Ar fáil anseo |

Tá na teimpléid agus na foirmeacha a chuirtear ar fáil don Idirghabhálaí ceaptha chun tacú agus éascú a dhéanamh ar an nós imeachta idirghabhála agus ar obair an idirghabhálaí. Ní úsáidfear gach foirm nó teimpléad atá á seoladh chuig an Idirghabhálaí mar go mbraithfidh sé ar an bpróiseas agus ar thoradh na hidirghabhála féin.

Ón dáta a gcuireann an t-idirghabhálaí an '**Fógra maidir le roghnú**' ar ais chuig Rúnaíocht Idirghabhála ELA, cuirtear tús le **tréimhse** tháscach **45 lá oibre**, a mbeartaítear an chéad chéim den idirghabháil a thabhairt chun críche lena linn, agus é mar sprioc teacht ar chomhaontú coiteann ar an díospóid.

! **Idirghabháil mhear**

**Féadfaidh na Ballstáit is páirtí sa díospóid comhaontú leis an idirghabhálaí le linn an chéad chéim den idirghabháil, na spriocdhátaí táscacha a leagtar amach sna socruithe oibre a chiorrú, ar choinníoll gur féidir cáilíocht an nós imeachta agus na tuairime neamhcheangailtí a chaomhnú.**

Mar sin bítear ag súil go mairfidh an chéad chéim den idirghabháil 5 mhí ar a mhéad. Mar sin féin, le linn an phróisis idirghabhála, féadfar an nós imeachta a chur ar fionraí nó féadfar é a dhúnadh go luath.[15]

***Cad a dhéanann an t-idirghabhálaí i gcás dúnadh nó fionraíocht luath?***

Ón nóiméad gur léir don idirghabhálaí go bhféadfaí an idirghabháil a chur ar fionraí nó go bhfuil baol ann go gcuirfear isteach uirthi lorgóidh sé/sí toiliú na mBallstát maidir lena dtoilteanaí atá siad leanúint den phróiseas agus cuirfidh sé in iúl do Rúnaíocht Idirghabhála ELA go bhféadfaí an nós imeachta a chur ar fionraí nó a dhúnadh go luath.

Is é aidhm bhunúsach an chéad chéim den nós imeachta idirghabhála difríochtaí i ndearcthaí na mBallstát maidir le cur i bhfeidhm acquis ábhartha AE um shoghluaisteacht saothair a shárú i gcás áirithe. Éascaíonn an t-idirghabhálaí an próiseas agus é mar aidhm aige tuairimí iltreocha na mBallstát i dtrácht a thabhairt le chéile, a bhféadfadh réiteach is inghlactha go frithpháirteach a bheith mar thoradh orthu ar deireadh thiar. Téann an t-idirghabhálaí ceaptha i gcomhairle leis na Ballstáit chun an cur chuige is iomchuí a roghnú don idirghabháil.

***Conas an cur chuige iomchuí don idirghabháil a roghnú?***

Ar an gcéad dul síos, **is é an t-idirghabhálaí a stiúrann próiseas na hidirghabhála** i dtéarmaí an clár oibre a shocrú, an teanga chumarsáide a roghnú agus na cruinnithe (fisiceach agus/nó ar líne) agus na malartuithe idir na Ballstáit a phleanáil.

**Faigheann an t-idirghabhálaí tacaíocht leis seo ó Rúnaíocht Idirghabhála ELA** le haghaidh tacaíocht riaracháin agus lóistíochta lena n-áirítear seirbhísí ateangaireachta.

**Téann an t-idirghabhálaí i gcomhairle go gníomhach leis na Ballstáit** ó thús deireadh an phróisis agus bíonn siad bainteach leis, suas go dtí dréachtú na tuarascála fíorasaí deiridh agus na tuairime neamhcheangailtí.

**Is féidir cineálacha difriúla cur chuige a úsáid**[16], agus is faoin idirghabhálaí agus faoi na Ballstáit atá sé cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcur chuige is iomchuí chun na himeachtaí idirghabhála a eagrú. Moltar dhá phríomhchur chuige féideartha idirghabhála agus, i ndáiríre, is minic gur leagan d'idirghabháil a roghnaítear, ina gcuirtear gnéithe den dá chur chuige idirghabhála i bhfeidhm:

- **an idirghabháil chaighdeánach**
- **an idirghabháil threoraithe**
- **comhcheangal díobh seo**

[15] Déantar cur síos ar na hipitéisí éagsúla a bhféadfadh fionraíocht nó dúnadh luath a bheith mar thoradh orthu sa Treoir Ghinearálta agus Sreafaí Oibre do nós imeachta idirghabhála ELA.
[16] Féach ar shaintréithe na gcur chuige atá beartaithe in Iarscríbhinn I.

A luaithe a chinneann an t-idirghabhálaí an cur chuige is iomchuí chun na himeachtaí a eagrú, iarrtar ar an idirghabhálaí an méid a comhaontaíodh leis na Ballstáit a dhréachtú in **'Imlíne na hIdirghabhála'**. Is é an doiciméad seo an bonn ar a dtoilíonn na páirtithe gabháil do na céimeanna breise lena n-áirítear tréimhse agus gealltanais faoi seach.

Le linn an phróisis idirghabhála is féidir **saineolas gairmiúil** i réimsí soghluaisteacht saothair agus comhordú slándála sóisialta AE a chur ar fáil do na Ballstáit trí **shaineolaithe** a bheith rannpháirteach **i gcáil chomhairleach** (féach thuas).

***Conas is féidir le hidirghabhálaithe iarraidh ar na saineolaithe a bheith bainteach i gcáil chomhairleach?***

Féadfaidh an t-idirghabhálaí iarraidh ar shaineolaithe a bheith páirteach i gcáil chomhairleach nuair a iarrann Ballstáit é nó ar a thionscnamh féin, f.i. nuair a mheasann sé/sí go bhféadfadh rannchuidiú (saineolaí/saineolaithe) i gcáil chomhairleach a bheith ina chabhair d'fhorbairt na bpléití agus na malartuithe.

**Ní mór don idirghabhálaí a áirithiú go dtoilíonn gach Ballstát** is páirtí sa díospóid do shaineolaithe i gcáil chomhairleach a bheith bainteach leis.

**A luaithe a fhaightear an toiliú, cuirfidh idirghabhálaithe** in iúl do Rúnaíocht Idirghabhála ELA go mbeidh saineolaithe i gcáil chomhairleach bainteach leis. Rachaidh an t-idirghabhálaí i dteagmháil leis an saineolaí ansin i gcáil chomhairleach agus iarrfaidh sé ar an saineolaí teacht chuig seisiún nó cruinniú amháin nó níos mó, nó tuairim nó comhairle i scríbhinn a sholáthar.

I bprionsabal, críochnóidh an chéad chéim den nós imeachta idirghabhála ag an nóiméad a bheidh an tréimhse chaighdeánach 45 lá oibre istigh.[17] Athraíonn an chéim dheiridh nós imeachta ag brath ar thoradh na hidirghabhála.

## Toradh A: Comhaontaíonn na Ballstáit tuairim neamhcheangailteach

Má chomhaontaíonn na páirtithe **tuairim neamhcheangailteach laistigh de thréimhse 45 lá oibre**, treoróidh an t-idirghabhálaí na páirtithe i dtreo dheireadh an phróisis. Sa chás sin, dréachtaíonn an t-idirghabhálaí '**Tuarascáil fhíorasach dheiridh**', **lena n-áirítear an 'Tuairim neamhcheangailteach',** a sheoltar chuig na Ballstáit agus chuig ELA le haghaidh tuairimí agus aiseolais.[18] Féadfaidh na Ballstáit **aiseolas a sholáthar laistigh de 15 lá oibre** arna n-áireamh amhail ón dáta a seoladh an dréacht-tuarascáil fhíorasach agus an tuairim neamhcheangailteach. Deimhníonn Rúnaíocht Idirghabhála ELA, laistigh den tréimhse chéanna, an gcomhlíonann an tuairim neamhcheangailteach, ina tuairim, acquis AE um shoghluaisteacht saothair. Nuair a bheidh an tseiceáil ar chomhlíonadh curtha i gcrích ag Rúnaíocht Idirghabhála ELA, **beidh 15 lá oibre ag an idirghabhálaí** chun an tuarascáil fhíorasach agus an tuairim neamhcheangailteach a thabhairt chun críche agus é a sheoladh chuig Rúnaíocht Idirghabhála ELA.

[17] Gan smaoineamh ar shíneadh a chur leis an nós imeachta idirghabhála nó é a chur ar fionraí.
[18] I gcomhréir le hAirteagal 19 (10) de na Rialacha Nós Imeachta, i gcás an idirghabhálaí: "[...] féadfaidh sé, le comhaontú na mBallstát is páirtí sa díospóid, 10 lá oibre breise a iarraidh chun an tuarascáil a chríochnú.[...]" Is féidir an síneadh a fhógairt do Rúnaíocht Idirghabhála ELA tríd an 'gComhaontú chun síneadh a chur leis an tréimhse tuairiscithe'.

## Toradh B: Ní chomhaontaíonn na Ballstáit tuairim neamhcheangailteach

Más amhlaidh, ar an láimh eile, **nár chomhaontaigh** na Ballstáit **tuairim neamhcheangailteach laistigh de thréimhse 45 lá oibre**, féadfaidh siad cinneadh a dhéanamh:

- **Síneadh 15** lá oibre **breise a chur leis an gcéad chéim den idirghabháil**. Sa chás sin, cuireann an t-idirghabhálaí Rúnaíocht Idirghabhála ELA ar an eolas faoin síneadh tríd an 'bh**Fógra maidir le síneadh a chur le céim na hidirghabhála**';
- **Deireadh a chur leis an gcéad chéim** agus an idirghabháil a dhúnadh;
- C**omhaontú chun tús a chur leis an dara céim** den idirghabháil. Sa chás seo, iarrann an t-idirghabhálaí, le tacaíocht ó Rúnaíocht Idirghabhála ELA, ar na Ballstáit an '**Comhaontú chun tús a chur leis an dara céim den idirghabháil'** a shíniú.

I gceachtar cás, ní mór don idirghabhálaí an '**Tuarascáil Fhíorasach**' a dhréachtú, ar an modh céanna agus sa tréimhse chéanna a gcuirtear síos orthu faoi 'Toradh A' agus é a sheoladh chuig Rúnaíocht Idirghabhála ELA.  sent

## An dara céim den nós imeachta idirghabhála agus ról an Bhoird Idirghabhála

Is é is cuspóir don dara céim den nós imeachta idirghabhála **deis bhreise** a thabhairt do na Ballstáit **a ndíospóid a fhuascailt** nuair nár thángthas ar aon réiteach le linn an chéad chéim den nós imeachta idirghabhála agus dá bhrí sin níor thángthas ar chomhaontú maidir le tuairim neamhcheangailteach.

De bhrí gur idirghabhálaí amháin a éascaíonn an próiseas le linn an chéad chéim den idirghabháil, **is os comhair an Bhoird (nó an phainéil) Idirghabhála**, atá comhdhéanta de shaineolaithe ó na Ballstáit seachas iad siúd is páirtí sa díospóid, **a sheoltar an idirghabháil le linn na dara céime.** Cheap Bord Bainistíochta ELA na saineolaithe go foirmiúil mar chomhaltaí de Bhord Idirghabhála ELA.

Ní féidir le Rúnaíocht Idirghabhála ELA an dara céim den nós imeachta idirghabhála a sheoladh ach tríd an 'bhFógra chun a chur in iúl do na Ballstáit go bhfuil an dara céim den idirghabháil ar tí tosú', má chomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas go comhuaineach:

- Níor thángthas ar réiteach ar bith le linn an chéad chéim den idirghabháil agus níor chomhaontaigh na Ballstáit is páirtí sa díospóid tuairim neamhcheangailteach, agus
- Comhaontaíonn na Ballstáit go léir is páirtí sa díospóid leanúint leis an bpróiseas agus an dara céim den nós imeachta idirghabhála a sheoladh.[19]

Má chomhlíontar na coinníollacha thuas, seolann Rúnaíocht Idirghabhála ELA an **'Litir chuig an gCathaoirleach'**[20] in éineacht leis na doiciméid riachtanacha don dara céim den idirghabháil.

| | |
|---|---|
| **Litir chuig an gCathaoirleach** | Ar fáil anseo |
| Dearbhú nach bhfuil aon choinbhleacht leasa ann, a chaithfidh an Cathaoirleach a shíniú agus a chur ar ais chuig Rúnaíocht Idirghabhála ELA. | Ar fáil anseo |
| **Litir chun an rapóirtéir a ainmniú** | Ar fáil anseo |
| **Litir chun saineolaí a cheapadh** | Ar fáil anseo |
| **Litir fógra chun na Ballstáit agus ELA a chur ar an eolas faoi chomhdhéanamh an phainéil** | Ar fáil anseo |
| **Tuarascáil fhíorasach** | Ar fáil anseo |
| **Tuairim neamhcheangailteach** | Ar fáil anseo |
| **Comhaontú maidir le síneadh a chur leis an tréimhse tuairiscithe** | Ar fáil anseo |

[19] Sa chás seo, déantar toiliú a chur ar bhonn foirmiúil leis an doiciméad a shínigh na Ballstáit le tacaíocht ón idirghabhálaí, le linn an chéad chéim den idirghabháil (Comhaontú chun tús a chur leis an dara céim den idirghabháil).

[20] Taobh amuigh de na doiciméid a luaitear sa tábla, a gcaithfear nó a d'fhéadfaí a chomhlánú, seoltar ráitis mhionsonraithe na bpáirtithe leis an litir chuig an gCathaoirleach.

Tá **10 lá oibre** ag an gCathaoirleach, arna áireamh ó dháta an fhógra faoi thús an dara céim den idirghabháil, **chun painéal saineolaithe nó an Bord Idirghabhála iomlán** a cheapadh mar an comhlacht a gcuirtear na tascanna idirghabhála de chúram air le linn an dara céim den nós imeachta idirghabhála i gcás ar leith.

| **Critéir chun painéal nó an Bord Idirghabhála iomlán a roghnú** |
|---|
| ***<u>AN NÓS IMEACHTA CAIGHDEÁNACH</u>***<br>Chun a áirithiú go mbeidh an dara céim den nós imeachta éifeachtach, gasta agus éifeachtúil, molann ELA **painéal saineolaithe** a cheapadh in ionad an Bhoird Idirghabhála iomláin. Moltar go gcinnteoidh an Cathaoirleach go mbeidh an painéal comhdhéanta de na saineolaithe sin de chuid an Bhoird Idirghabhála **a bhfuil an t-eolas agus an saineolas ábhartha acu maidir le cineál agus réimse ábhar** na díospóide agus **meas á léiriú a mhéad is féidir ar chothromaíocht thíreolaíoch agus inscne.**<br>***<u>AN NÓS IMEACHTA EISCEACHTÚIL</u>***<br>Mar sin féin, sna cásanna sin ina dtarlaíonn *ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha eisceachtúla seo a leanas*, molann ELA don Chathaoirleach iarraidh ar an **mBord Idirghabhála iomlán** gníomhú mar an comhlacht idirghabhála le linn an dara céim den idirghabháil.<br>1) Tá castacht ar leith ag baint leis an díospóid agus/nó baineann sí le raon leathan réimsí agus/nó tá roinnt Ballstát léi bainteach leis;<br>2) D'fhéadfadh impleachtaí suntasacha a bheith ag toradh fhuascailt na díospóide do Bhallstáit eile nach páirtí sa díospóid iad;<br>3) Teastaíonn raon chomh leathan sin de scileanna éagsúla le haghaidh na hidirghabhála gur fearr an léiriú a thugtar orthu nuair a bhíonn an Bord Idirghabhála iomlán bainteach leis.<br>Bíodh sin mar atá, is faoi Chathaoirleach an Bhoird Idirghabhála a bheidh sé cinneadh a dhéanamh maidir le comhdhéanamh an Bhoird/an phainéil Idirghabhála a ghníomhóidh mar chomhlacht idirghabhála le linn an dara céim den nós imeachta idirghabhála le haghaidh díospóid/cás áirithe. |

Nuair a bheidh cinneadh déanta ag an gCathaoirleach maidir le roghnú an phainéil saineolaithe nó an Bhoird Idirghabhála iomláin, mar mhalairt air sin, déanfaidh an Cathaoirleach:

- na saineolaithe roghnaithe a cheapadh agus fógra a thabhairt dóibh agus a gcomhaontú chun páirt a ghlacadh sa dara céim den idirghabháil a dheimhniú, leis an **<u>'Litir chun saineolaí a cheapadh'[21];</u>**
- rapóirtéir a ainmniú as measc na saineolaithe ceaptha, leis an '**<u>Litir Ainmniúcháin</u>**'.
- a chur in iúl do na Ballstáit is páirtí sa díospóid, trí '**<u>Litir fhógra faoi chomhdhéanamh an phainéil nó an Bhoird Idirghabhála</u>**' cibé an ndéanfar an dara céim den nós

[21] Sa litir chuig na saineolaithe agus chuig an rapóirtéir, folaíonn an Cathaoirleach na ráitis mhionsonraithe, an tuarascáil fhíorasach agus an dearbhú nach bhfuil aon coinbhleacht leasa ann, nach mór do shaineolaithe iad a shíniú agus a chur ar ais chuig Rúnaíocht Idirghabhála ELA.

imeachta idirghabhála i bhfoirm phainéil nó an dtionólfar é os comhair an Bhoird Idirghabhála iomláin. Cuirfidh an Cathaoirleach é seo in iúl gan mhoill.

Amhail ón dáta a gceaptar an Bord nó an painéal Idirghabhála, cuirtear tús le tréimhse tháscach **45 lá oibre** ina gcuirfear an dara céim den idirghabháil i bhfeidhm agus é mar sprioc teacht ar chomhaontú maidir leis an díospóid..

> **!** **Idirghabháil mhear**
>
> **Féadfaidh na Ballstáit is páirtí sa díospóid comhaontú le Cathaoirleach an Bhoird Idirghabhála le linn an dara céim den idirghabháil na spriocthréimhsí atá leagtha amach sna socruithe oibre a chiorrú, ar choinníoll gur féidir cáilíocht an nós imeachta agus na tuairime neamhcheangailtí a chaomhnú.**

Bítear ag súil go mairfidh an dara céim den idirghabháil, i bprionsabal, 5 mhí ar a mhéad. Mar sin féin, le linn an phróisis idirghabhála, féadfar an nós imeachta a chur ar fionraí nó a dhúnadh go luath.[22] Ina theannta sin, le linn an dara céim seo den idirghabháil, is féidir go mbeidh sé riachtanach d'ELA idirghníomhú leis an AC chun díriú ar nithe a bhaineann le comhordú slándála sóisialta[23].

> ***Cad a dhéanann an Cathaoirleach i gcás dúnadh nó fionraíocht luath?***
>
> Ón nóiméad is eol don Chathaoirleach go bhféadfaí an idirghabháil a chur ar fionraí nó go bhfuil baol ann go gcuirfí isteach uirthi lorgóidh sé/í toiliú na mBallstát maidir lena dtoilteanaí atá siad leanúint den phróiseas agus cuirfidh sé in iúl do Rúnaíocht Idirghabhála ELA go bhféadfaí an nós imeachta a chur ar fionraí nó a dhúnadh go luath.

**Is é Cathaoirleach an Bhoird Idirghabhála a stiúrann próiseas na hidirghabhála** maidir leis an gclár oibre a shocrú, an teanga chumarsáide a roghnú agus na cruinnithe (fisiceach agus/nó ar líne) agus na malartuithe idir na Ballstáit a phleanáil. Faigheann an Cathaoirleach **tacaíocht** leis seo ó **Rúnaíocht Idirghabhála ELA** le haghaidh tacaíocht riaracháin agus lóistíochta lena n-áirítear seirbhísí ateangaireachta.

Cosúil lena bhfuil i gceist le linn an chéad chéim den nós imeachta idirghabhála, tá **gá le cur chuige réamhshainithe i leith na hidirghabhála**, a chaithfear a chomhaontú leis na Ballstáit agus a thiontú go plean nithiúil do na himeachtaí idirghabhála. Téann an Cathaoirleach i gcomhairle leis na Ballstáit chun an cur chuige is iomchuí don idirghabháil a roghnú.

> ***Conas an cur chuige iomchuí don idirghabháil a roghnú?***
>
> **Is féidir cineálacha difriúla cur chuige a úsáid**[24], agus is faoin gCathaoirleach atá sé cinneadh a dhéanamh i gcomhar leis na Ballstáit maidir leis an gcur chuige is iomchuí chun na himeachtaí idirghabhála a eagrú. Moltar dhá chur chuige féideartha idirghabhála agus, i ndáiríre, is minic gur leagan d'idirghabháil a roghnaítear, ina gcuirtear gnéithe den dá chur chuige idirghabhála i bhfeidhm:

---

[22] Déantar cur síos ar na hipitéisí éagsúla a bhféadfadh fionraíocht nó dúnadh luath a bheith mar thoradh orthu sa Treoir Ghinearálta agus Sreafaí Oibre do nós imeachta idirghabhála ELA.

[23] I ngach cás inar gá don AC a bheith bainteach leis, ba cheart féachaint ar an treoir Sreafa Oibre iomchuí le haghaidh idirghníomhaíocht AC-ELA agus é a chur i bhfeidhm.

[24] Féach ar shaintréithe na gcur chuige atá beartaithe in Iarscríbhinn II.

- **an idirghabháil chaighdeánach**
- **an idirghabháil threoraithe**
- **comhcheangal díobh seo**

A luaithe a chinneann an Cathaoirleach an cur chuige is iomchuí, iarrtar air/uirthi an méid a comhaontaíodh leis na Ballstáit a dhréachtú in **'Imlíne na hIdirghabhála'**. Is é an doiciméad seo an bonn ar a dtoilíonn na páirtithe gabháil do na céimeanna breise lena n-áirítear tréimhsí agus gealltanais faoi seach.

Le linn an phróisis idirghabhála is féidir **saineolas gairmiúil** i réimsí soghluaisteacht saothair agus comhordú slándála sóisialta AE a chur ar fáil do na Ballstáit trí **shaineolaithe** a bheith rannpháirteach **i gcáil chomhairleach** (féach thuas).

***Conas is féidir leis an gCathaoirleach comhairle a iarraidh ar na saineolaithe?***

Féadfaidh an Cathaoirleach cuireadh a thabhairt do shaineolaithe i gcáil chomhairleach nuair a iarrann Ballstáit é nó ar a thionscnamh féin, f.i. nuair a mheasann sé/sí go bhféadfadh rannchuidiú (saineolaí) (saineolaithe) i gcáil chomhairleach a bheith ina chuidiú d'fhorbairt na bpléití agus na malartuithe.

**Ní mór don Chathaoirleach a chinntiú go dtoilíonn gach Ballstát** is páirtí sa díospóid, do shaineolaithe i gcáil chomhairleach a bheith bainteach leis.

**A luaithe a fhaightear an toiliú, cuirfidh an Cathaoirleach** in iúl do Rúnaíocht Idirghabhála ELA, trí ríomhphost nó ar shlí eile, go mbeidh saineolaithe i gcáil chomhairleach bainteach leis. Rachaidh an Cathaoirleach i dteagmháil leis an saineolaí i gcáil chomhairleach ansin agus tabharfaidh sé cuireadh don saineolaí teacht chuig seisiún nó cruinniú amháin nó níos mó, nó tuairim nó comhairle i scríbhinn a sholáthar.

Beidh **deireadh** leis an **dara céim den** nós imeachta **idirghabhála** i bprionsabal **a luaithe a bheidh an tréimhse 45 lá (arna háireamh ó dháta cheapadh an Bhoird nó an phainéil Idirghabhála) istigh**[25]. Braithfidh na céimeanna deiridh nós imeachta ar thoradh na hidirghabhála.

## Toradh A: Comhaontaíonn na Ballstáit tuairim neamhcheangailteach

Má chomhaontaíonn na páirtithe **tuairim neamhcheangailteach laistigh den tréimhse 45 lá oibre**, a thuartar don dara céim den idirghabháil, treoróidh an Cathaoirleach na páirtithe i dtreo dheireadh an phróisis. Sa chás sin, dréachtaíonn an rapóirtéir '**Tuarascáil fhíorasach deiridh**', **lena n-áirítear an 'Tuairim neamhcheangailteach',** a sheoltar – tar éis cheadú an Chathaoirligh agus na Leas-Chathaoirleach – chuig na Ballstáit agus chuig ELA dá dtuairimí agus dá n-aiseolas[26]. Féadfaidh na Ballstáit **aiseolas a sholáthar laistigh de 15 lá oibre** arna n-áireamh amhail ón dáta a seoladh an dréacht-tuarascáil fhíorasach agus an tuairim neamhcheangailteach. Fíoraíonn Rúnaíocht Idirghabhála ELA, sa tréimhse chéanna, go gcomhlíonann an tuairim neamhcheangailteach, ina tuairim, acquis AE um shoghluaisteacht

[25] Gan smaoineamh ar fhionraí féideartha ar an nós imeachta idirghabhála.
[26] I gcomhréir le hAirteagal 19(17) de na Rialacha Nós Imeachta, i gcás an rapóirtéara: "[...] féadfaidh sé/sí, le comhaontú na mBallstát is páirtí sa díospóid, 10 lá oibre breise a iarraidh chun an tuarascáil a chríochnú.[...]" Is féidir an síneadh a fhógairt do Rúnaíocht Idirghabhála ELA tríd an 'gComhaontú chun síneadh a chur leis an tréimhse tuairiscithe'.

saothair. Nuair a bheidh an tseiceáil ar chomhlíonadh curtha i gcrích ag Rúnaíocht Idirghabhála ELA, **beidh 15 lá oibre ag an rapóirtéir** chun an tuarascáil fhíorasach a thabhairt chun críche, agus an tuairim neamhcheangailteach i bhfoirm innéacs – agus é a sheoladh chuig ELA.

### Toradh B: Ní chomhaontaíonn na Ballstáit tuairim neamhcheangailteach

Más amhlaidh, ar an láimh eile, **nár chomhaontaigh** na Ballstáit **tuairim neamhcheangailteach laistigh de thréimhse 45 lá oibre**, féadfaidh siad cinneadh a dhéanamh:

- **Síneadh 15 lá oibre breise a chur leis an dara céim den idirghabháil** Sa chás sin, cuireann an Cathaoirleach an síneadh in iúl do Rúnaíocht Idirghabhála ELA tríd an '**bhFógra faoi shíneadh a chur leis an gcéim idirghabhála**'.
- **Deireadh a chur leis an dara céim** agus an idirghabháil a dhúnadh

Ag deireadh an dara céim den nós imeachta idirghabhála, ní mór don rapóirtéir i gcónaí an **'Tuarascáil fhíorasach**' a dhréachtú, í a roinnt leis an gCathaoirleach agus leis na Leas-Chathaoirligh dá dtuairimí agus dá n-aiseolas. Is féidir leis an gCathaoirleach a chinneadh an roinnfear an dréacht-tuarascáil fhíorasach le comhaltaí eile an Bhoird nó an phainéil Idirghabhála dá dtuairimí agus dá n-aiseolas tar éis an tréimhse chéanna a gcuirtear síos air faoi 'Toradh A'.

## Cad a tharlaíonn nuair a bhíonn an idirghabháil tugtha chun críche?

A luaithe a bheidh an próiseas idirghabhála tugtha chun críche agus réiteach is inghlactha go frithpháirteach sroichte ag na Ballstáit, i.e. ag deireadh an chéad nó an dara céim den nós imeachta idirghabhála, ceanglaítear ar na Ballstáit an dul chun cinn a rinneadh maidir le cur chun feidhme a thuairisciú laistigh de thréimhse thrí mhí[27]. Seolfaidh Ballstáit a dtuarascálacha forfheidhmithe chuig Rúnaíocht Idirghabhála ELA.

[27] Airteagal 20 de na Rialacha nós imeachta idirghabhála den Údarás Eorpach Saothair.

## Iarscríbhinn I: Dhá chur chuige idirghabhála do chéim 1

<table>
<tr><th colspan="2">Dhá phríomhchur chuige idirghabhála</th></tr>
<tr><th>An idirghabháil chaighdeánach</th><th>An idirghabháil threoraithe</th></tr>
<tr><td>Príomhphointí:<br><br>Trí sheisiún: Iontógáil, Caibidlíocht, Dúnadh.<br><br>An príomhbhuntáiste: Próiseas an-líneach é a chuireann ar chumas an idirghabhálaí na páirtithe a threorú, as a dtagann sé/sí chun bheith ina (h)éascaitheoir.<br><br>An príomhriosca: D’fhéadfadh an t-idirghabhálaí teacht ar sháinn agus ar thosca a choiscfeadh réiteach go déanach sa phróiseas (le linn an tseisiúin chaibidlíochta, is dócha). D’fhéadfadh moilleanna gan ghá a bheith mar thoradh air seo.</td><td>Príomhphointí:<br><br>Trí sheisiún: Iontógáil (an-chríochnúil), Caibidlíocht, Dúnadh<br><br>An príomhbhuntáiste: Tá an seisiún ionghabhála an-chríochnúil; ligeann an t-idirghabhálaí do na páirtithe an cur chuige ar mhaith leo a leanúint a phlé agus iarrann sé orthu an próiseas a dhearadh. Dírítear ar thuiscint a fháil ón tús ar an bhfáth nach raibh na páirtithe in ann an díospóid a réiteach agus bunaithe air sin diagnóis a fhorbairt a úsáidtear ansin chun seisiún caibidlíochta níos struchtúrtha a mholadh. D'fhéadfaí am a shábháil ar bhonn seasmhach dá bharr.<br><br>An príomhriosca: Ós rud é go bhféadfadh sé nach mbeadh na páirtithe sásta comhoibriú láithreach, d’fhéadfadh sé a bheith deacair an próiseas a ainmniú.</td></tr>
